
# Eleathanach 451

Dé Luain, an 27 Samhain 2023






An lucharachán ag pleanáil!

## Seó na mBréagán: *Late Late Toy Show*

Bhí Seó na mBréagán ar siúl Dé hAoine ar RTÉ. Is é Patrick Kielty an láithreoir ar an *Late Late Show* le cúpla mí anuas. Bhí sé ar bís roimh ré.

Ghlac 170 duine óg páirt sa chlár. Thug daoine óga léirmheasanna ar bhréagáin dhifriúla agus ar leabhair. Bhí páistí eile ag canadh, ag seinm ceoil agus ag damhsa.

Bíonn téama ag an gclár gach bliain, agus i mbliana roghnaigh siad an scannán *Elf*. Is scannán Nollag é faoi lucharachán darb ainm Buddy.

Go minic ag an am seo den bhliain bíonn lucharachán i dtithe ar fud na tíre ag déanamh rudaí greannmhara.

## Madra óg sa Mholdóiv


Bhí Uachtarán na hOstaire agus Uachtarán na Slóivéine ar cuairt ar Uachtarán na Moldóive ar an 16 Samhain.

Bhí siad amuigh ag siúl le chéile nuair a chonaic siad coileán óg. Is le hUachtarán na Moldóive an madra óg seo. Codrut is ainm don choileán. Bhí sé ar bís agus rinne Uachtarán na hOstaire iarracht ceann an mhadra a chuimilt. Go tobann bhain an madra greim as a lámh!

Thuig an tUachtarán gur timpiste a bhí ann agus thug sé maithiúnas don mhadra óg. Thug an tUachtarán bréagán don mhadra níos déanaí.








## 45 bliain déanach ag filleadh ar an leabharlann!

Is fiú go mór a bheith i do bhall den leabharlann áitiúil. Is seirbhís saor in aisce í. Is féidir leabhair a thógáil ar iasacht. Is féidir ríomhleabhair a thógáil ar iasacht freisin, más ball den leabharlann áitiúil thú.

Ar ndóigh, bíonn ort teacht ar ais leis an leabhar tar éis cúpla seachtain. I Sasana le déanaí, bhí iontas an domhain ar an leabharlannaí nuair a tháinig bean isteach chun leabhar a thabhairt ar ais. Creid é nó ná creid é, bhí sí 45 bliain déanach ag teacht ar ais leis an leabhar!

Cheap sí gur thug sí an leabhar ar ais, ach ansin agus í ag glanadh an tí, tháinig sí ar an leabhar!

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta